CLÁR

1 Obair Ghinearálta Na hOifige 5
2 Athbhreithniú ar an mbliain 7
3 Forbairtí Dlíthiúla 2006. 13
4 Ionchúisimh FAOI Alt 49(4) (Tástáil Fhianaiseach Anála a Úsáid – Nuashonrú) 17
5 Barántas Gabhála Eorpach a Fhorbairt 20
6 Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí 22
7 Íospartaigh Choireachta 24
8 Saoráil Faisnéise 28
9 Staitisticí 29
10 Sliocht as Cuntas Leithreasa 2005 52
11 An tAcht Um Íocpras Cuntas, 1997 53
12 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil 54
13 Struchtúr Eagrúcháin 55

Réamhrá

Is mór an phribhléid dom arís Tuarascáil Bhliantúil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a chur i láthair an phobail. Clúdaíonn an tuarascáil an bhliain fhéilire 2006.

Tréimhse d'athrú eagraíochtúil san Oifig a bhí sa bhliain. Bhíothas ag súil go gcuirfí Alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005 i bhfeidhm i 2006 ach níor cuireadh i bhfeidhm é go críochnaitheach go dtí 1 Feabhra 2007. Tugann an fhoráil do chomhaltaí den Gharda Síochána an chumhacht ionchúisimh choiriúla a thionscnamh agus a dhéanamh i gcúirteanna dlínsí achoimre in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Tugann an tAcht cumhacht reachtúil dom treoracha ginearálta agus sonracha a thabhairt do na Gardaí chomh maith maidir le hionchúisimh den sórt sin. Le linn 2006 rinneadh cuid mhaith oibre mar ullmhúchán do theacht i bhfeidhm an ailt, agus tá tuairisc níos mionsonraithe air sin i gCaibidil 3.

Níor cuireadh an moladh deireanach a bhí fágtha ón Tuarascáil ón nGasra Staidéir ar an gCóras Ionchúiseamh Poiblí (Tuarascáil Nally), maidir le freagracht as an tseirbhís aturnae stáit áitiúil a aistriú ón Ard-Aighne go dtí m'Oifig, i bhfeidhm i 2006 in ainneoin ár sáriarrachtaí é sin a bhaint amach. Agus an réamhrá seo á scríobh agam (Bealtaine 2007), tá áthas orm a rá go bhfuil an t-aistriú sin curtha i bhfeidhm againn ar deireadh. Críochnaíonn sé sin cuid ríthábhachtach den obair maidir le seirbhís ionchúisimh náisiúnta a dhéanamh den Oifig.

An bhliain seo caite scríobh mé faoin gá a bhí le haonad polasaí ionchúisimh a bhunú laistigh den Oifig. Tá áthas orm a thuairisciú go bhfuair mé cead ón Rialtas go deireanach i 2006 chun aonad mar sin a bhunú agus tá an Oifig i mbun próisis earcaíochta foirne faoi láthair. Nuair a bheidh an t-aonad sin ar bun beidh sé ábalta díriú ar cheisteanna fadtéarma bunúsacha a bheidh tábhachtach maidir leis an tslí a rachaidh an Oifig i mbun ionchúiseamh coiriúil amach anseo. Tabharfaidh an t-aonad aghaidh ar nithe mar threoirlínte, caighdeáin agus treoracha le haghaidh ionchúisimh, comhairle maidir leis na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le reachtaíocht choiriúil atá beartaithe sa chás go n-iarrfar an chomhairle sin orainn, polasaí i dtreo íospartaigh choireachta agus anailís ar chinnteoireacht ionchúisimh le súil agus feabhas a chur ar chaighdeáin a leagan amach agus leanúnachas a chinntiú maidir le cur chuige.

Is cúis imní i gcónaí é fadhb chóiríochta na hOifige. Táimid fós roinnte idir dhá fhoirgneamh agus ciallaíonn an t-ardú sa líon daoine san Oifig go mbeidh orainn roinnt dár bhfoireann a lonnú sa tríú foirgneamh go luath. Mar sin féin, tá cóiríocht oiriúnach cóngarach don choimpléasc cúirteanna cóiriúla nua atá á thógáil gar do Stáisiún Heuston aitheanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus táimid ag súil go mór le bheith in ann an Oifig go léir a lonnú in aon suíomh amháin nuair a dhéanfar an t-aistriú sin.

Ag croílár na Tuarascála Bliantúla seo tá an fhaisnéis staitistiúil i gCaibidil 9. Tháinig ardú 5% ar an líon comhad a tarcuireadh chuig an Oifig sa bhliain 2006. Léiríonn an tuarascáil feabhas ar na hagaí freagartha ina dtugtar treoracha ar chomhaid, gur tugadh treoracha ar 52% de na comhaid ar fad a fuarthas laistigh de choicís agus gur déileáladh le 84% de na comhaid ar fad laistigh de thrí mhí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís le m'fhoireann féin as a dtiomantas agus a gcuid oibre crua i rith 2006, agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an iliomad daoine agus gníomhaireachtaí eile a d'oibrigh linn i rith na bliana agus a chomhoibrigh linn chun cúnamh a thabhairt dúinn maidir lenár sprioc de sheirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a chur ar fáil a bhaint amach.

James Hamilton
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Bealtaine 2007

RÁITEAS MHISIN

Seirbhís ionchúisimh atá
neamhspleách, cóir agus éifeachtach
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

1 OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

1.1 Is í príomhfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh phoiblí agus nithe gaolmhara coiriúla a threorú agus a mhaoirsiú.

1.2 Is ón nGarda Síochána, an phríomh-ghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna lena n-déileálann an Oifig. Mar sin féin, tarchuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

1.3 Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Gníomhaíonn An Rannán Aturnaetha, faoi cheannas an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, mar aturnae don Stiúrthóir agus don Gharda Síochána le linn cásanna a ullmhú agus a chur i láthair i gCúirte Dúiche nó Cúirte Chuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Cúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, agus san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach. Lasmuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath, déileálann 32 aturnaetha stáit áitiúla le cásanna ina limistéir réigiúnacha féin.

Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.

1.4 Áirítear ar obair na hOifige:

- na comhaid imscrúdaithe coiriúla a chuirtear faoi bhráid na hOifige a bhreithniú
- cinneadh a dhéanamh cibé acu ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a thionscnamh nó cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh le hionchúiseamh a bheidh tionscnaithe cheana féin ag an nGarda Síochana agus comhairle a thabhairt maidir le haon imscrúduithe eile a mbeidh gá leo chun ionchúiseamh a thosú nó leanúint ar aghaidh leis
- cinneadh a dhéanamh maidir leis na cúisimh a thabharfar agus aon chúisimh a mbeifear tar éis iad a thabhairt a bhreithniú
- cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcruthúnas agus na hábhair eile a bheidh le tabhairt i láthair don chúirt agus don chúisí, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le hábhar nár úsáideadh a nochtadh don chosaint

- ionchúisimh choiriúla a chur i láthair i gcúirteanna dúiche Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath agus achomhairc a eascraíonn astu a chur i láthair sa Chúirt Chuarda
- na hionchúisimh choiriúla indíotáilte go léir a bheidh liostaithe i mBaile Átha Cliath a ullmhú agus a chur i láthair – lena n-áirítear triail sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil
- Abhcóide a ainmniú agus a theagasc sna cúirteanna trialach éagsúla chomh maith leis an Ard-Chúirt, an Chúirt Uachtarach agus an Chúirt Achomhairc Choiriúil
- teagasc a thabhairt maidir le hionchúiseamh i dtrialacha coiriúla a stiúradh lena n-áirítear cinntí a eisiúint faoi na ceisteanna dlí agus na beartais phoiblí éagsúla a éiríonn le linn imeachtaí coiriúla
- dul i gcomhairle de réir mar is gá le hAbhcóidí, le haturnaetha stáit áitiúla, le comhaltaí den Gharda Síochána agus le finnéithe gairmiúla
- cinntí a dhéanamh maidir le táillí Abhcóidí a bheidh ag gníomhú thar ceann an Stiúrthóra agus na táillí sin a urscaoileadh
- cinntí a dhéanamh maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir achomhairc, lena n-áirítear achomhairc ar mhodh cáis shonraithe, a thabhairt nó ar chóir dul i ngleic leo agus imeachtaí ar athbhreithniú breithiúnach a thabhairt agus a chosaint
- iarratais ar bhannaí agus *habeas corpus* a éiríonn as imeachtaí coiriúla a chosaint
- pianbhreitheanna a mheastar a bheith ró-thrócaireach a tharchur chuig an gCúirt Achomhairc Choiriúil
- gearáin agus líomhaintí ó dhaoine den phobal maidir le déanamh cionta coiriúla a bhreithniú agus, de réir mar is cuí, a tharchur chuig Coimisinéir an Gharda Síochána
- comhaid a bheidh curtha faoina bhráid ag an mBord um Ghearáin i gCoinne an Gharda Síochána a bhreithniú
- doiciméid a mbeidh gá leo chun iarratais ar eiseachadadh isteach sa Stát a phróiseáil, a dhréachtú nó a shocrú
- iarratais ar chúnamh frithpháirteach idirnáisiúnta maidir le nithe coiriúla a dhréachtú agus a dhéanamh
- bheith rannpháirteach i gcoistí agus grúpaí oibre a bhaineann le dlí agus imeachtaí coiriúla agus cur leo; cláir speisialta oiliúna maidir le gnéithe d'ionchúiseamh coireachta don Gharda Síochana a éascú; agus comhdhálacha a eagrú i dtaobh nithe a bhaineann le ceartas coiriúil chun tairbhe ár ngeallsealbhóirí
- comhoibriú agus a bheith rannpháirteach i gcomhthionscnaimh le gníomhaireachtaí eile atá freagrach as gnéithe den cheartas coiriúil, lena n-áirítear an Garda Síochána; na Coimisinéirí Ioncaim; an tÚdarás Iomaíochta; an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach; an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta; gníomhaireachtaí ionchúiseamh eile; an tSeirbhís Chúirteanna, an Roinn Dlí agus Cirt Comhionannais agus Athchóirithe Dlí; an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí; an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta; an Paiteolaí Stáit; An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre; Oifig an Ard-Aighne; chomh maith le heagraíochtaí eile a chuireann ionadaíocht ar fáil do leasanna íospartach.

2 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN

2.1 Chríochnaigh timthriall trí bliana ár Ráitis Straitéise 2004 - 2006 i mí na Nollag 2006. Le linn shaolré an Ráitis Straitéise rinne an Oifig seo dul chun cinn suntasach maidir lenár bpríomhchuspóirí a chur i bhfeidhm. Bhí an dul chun cinn sin éascaithe ag cur i bhfeidhm leanúnach Chlár Nuachóirithe na Státseirbhíse, a chuir creat ar fáil chun na struchtúir, próisis agus córais atá mar bhonn taca le bainistiú éifeachtach na seirbhíse ionchúisimh a fhorbairt.

2.2 Tá sé ríthábhachtach don Oifig seo mar sheirbhís ionchúisimh sáriarracht a dhéanamh go leanúnach cur le caighdeán na seirbhíse a chuirimid ar fáil. Leagtar ár dtiomantais do sheirbhís d'ardchaighdeán amach inár gCairt maidir le hArdchaighdeán Seirbhíse agus Plean Gníomhaíochta.

2.3 Is é cionta coiriúla a ionchúiseamh croí-obair na hOifige seo agus tugtar imlíne shonrach ar ár bhfeidhmíocht maidir leis an obair sin i gCaibidil 9 den tuarascáil seo. Sa chaibidil seo breathnaímid ar na forbairtí a tharla i rith 2006 a thacaigh le croí-obair na hOifige, a chomhlánaigh an obair sin agus a thug éifeacht do na tiomantais a leagtar amach inár gCairt maidir le hArdchaighdeán Seirbhíse.

An Timpeallacht Dhlíthiúil

2.4 Tá sé riachtanach, dar linn, go mbeidh tuiscint mhaith ar na dlíthe infheidhme agus ar a rólanna sa chóras ceartais coiriúil ag ár bhfoireann ghairmiúil agus go gcothabhálfaidh siad an tuiscint sin. Dá bhrí sin déanaimid mór infheistíocht in oiliúint dhlíthiúil. I rith 2006 bunaíodh Grúpa Stiúrtha Oiliúna Dlíthiúla ardleibhéil chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár riachtanais oiliúna agus chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm chlár oideachais dlíthiúil leanúnach dár bhfoireann ghairmiúil.

2.5 Maidir leis an €433,825 (4.3% de chostais phárolla) a infheistíodh in oiliúint agus forbairt foirne i rith na bliana, bhí €127,678 dírithe go sonrach ar oiliúint dhlíthiúil. Áiríodh air sin freastal ar sheimineáir agus ar chomhdhálacha dhlíthiúla, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Bhain an Oifig leas as seirbhísí an National Institute for Trial Advocacy, de chuid University of Miami School of Law in Florida, chun cláir oiliúna abhcóideachta a chur ar fáil don fhoireann inár Rannán Aturnaetha. Bhí an oiliúint leagtha amach go speisialta chun scileanna trialacha a fhorbairt d'aturnaetha a dhéanann ionadaíocht ar an Stiúrthóir sa chúirt.

2.6 Ar mhaithe le cur le hidirghníomhú agus le comhordú idir an dá rannán dlíthiúla de chuid na hOifige (atá lonnaithe in dá fhoirgneamh ar leith faoi láthair), cuireadh tús le clár Cruinnithe Líonra Dlíthiúil. Tugann siad sin deis don fhoireann bualadh le comhghleacaithe ar bhonn rialta chun saincheisteanna dlíthiúla a phlé. Spreagann siad daoine dul i dteagmháil lena chéile thar an dá rannán dlíthiúla freisin. Tionóladh an chéad chruinniú i mí na Samhna 2006 nuair a tugadh cuireadh do chleachtóir dlí seachtrach cur i láthair ar fhianaise imthoisceach a thabhairt. Leanfaidh an clár sin de Chruinnithe Líonra Dlíthiúil ar aghaidh le linn 2007.

2.7 Bunaíodh roinnt grúpaí idir-rannáin laistigh den Oifig i rith 2006 freisin, chun cleachtais oibre sa Rannán Stiúrtha agus sa Rannán Aturnaetha a scrúdú. Tá na grúpaí sin ag breathnú ar shlite chun nósanna imeachta reatha a shruthlíniú d'fhonn éifeachtúlacht an dá rannán dlíthiúil den Oifig a uasmhéadú.

2.8 I 2006 lean an tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise, le cúnamh ón gcóras bainistíochta leabharlainne agus a chartlann dhigiteach, chomh maith le ó shraith chuimsitheach acmhainní leictreonacha, le faisnéis dhlíthiúil thráthúil, ábhartha agus chothrom le dáta a chur ar fáil. Tá bailiúchán leictreonach cuimsitheach de bhreithiúnais chúirte, ciorcláin an Gharda agus faisnéis agus taighde dhlíthiúil inmheánach, a bhíonn ag forbairt de shíor, ar fáil don fhoireann dhlíthiúil dá bharr.

2.9 I gcomhar le leabharlanna Oifig an Ard-Aighne agus le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit, bunaíodh Tionscadal Bainistíochta Sraithe chun gníomhaire amháin a fhostú chun irisí agus tuarascálacha dlíthiúla a sholáthar don trí leabharlann i bhformáid chló agus leictreonach araon don tréimhse Eanáir 2006-Nollaig 2007. D'éirigh go maith leis an gcéad chéim den tionscadal sin, a bhain le hábhar clóite a sholáthar, i rith 2006.

2.10 Sheol an Oifig Scéim d'Aturnaetha faoi Oiliúint i mí Mheán Fómhair 2006. Tá an Scéim leagtha amach chun bealach a chur ar fáil don fhoireann cáiliú mar aturnaetha fad a leanann siad orthu ag obair san Oifig. Is leathnú loighciúil é an Scéim ar an Scéim do Chléirigh Dhlíthiúla faoi Oiliúint, a chuir an Oifig ar bun i 2004.

Bainistiú Straitéiseach

2.11 I rith 2006 leanamar le forbairt a dhéanamh ar ár gcreat bainistíochta faisnéise d'fhonn cur leis na seirbhísí a chuireann an Oifig ar fáil agus lena chinntiú go mbeidh na huirlisí riachtanacha agus an fhaisnéis riachtanach ag bainisteoirí chun na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise a chomhlíonadh.

2.12 Cuireadh tús le hobair ar an gcéim anailíse den tionscadal chun córas nua maidir le Cásanna, Bainistiú Doiciméad agus Rianú Comhad a chur i bhfeidhm i 2006. Síníodh an conradh i mí na Nollag 2005 le Axxia Systems Limited, cuideachta sa Ríocht Aontaithe a bhfuil taithí cruthaithe aici maidir le córais bhainistithe cás a sholáthar don ghairm dhlíthiúil.

2.13 Feidhmeoidh an córas Cásanna, Bainistiú Doiciméad agus Rianú Comhad mar phointe singil rochtana comhdhlúite dár gcásanna dlíthiúla thar an dá rannán dlíthiúla, agus soláthróidh sé córas lánpháirtithe maidir le bainistiú ar chomhaid ionchúisimh ar fud na heagraíochta. Cruthófar gach comhfhreagras a bhaineann le cásanna amach ar an gcóras agus stórálfar ansin é i gcomhair tagartha amach anseo. Stórálfar comhfhreagras áirithe ar an gcóras i bhformáid scanta freisin.

2.14 Ba é a bhí sa chéim anailíse den tionscadal Cásanna, Bainistiú Doiciméad agus Rianú Comhad próisis ghnó gach rannáin laistigh den Oifig a dhoiciméadú, chomh maith leis na saincheisteanna tras-rannáin a eascraíonn as gluaiseacht ó shraith córas IT éagsúil go dtí bunachar sonraí lánpháirtithe amháin a scrúdú agus a réiteach. Bhí pléití teicniúla fairsinge againn le Axxia freisin chun na hathruithe deartha a theastaigh óna bpríomh-bhogearraí córais chun déileáil le riachtanais ghnó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a shonrú.

2.15 Suiteálfar na bogearraí a forbraíodh i 2007. Ceadóidh sin do thástáil córais, tástáil foirne tionscadail agus tástáil ar ghlacadh an úsáideora. Samhlaítear go rachaidh an córas beo i 2008.

2.16 Lean an córas cuntasaíochta a suiteáladh i 2004 le seirbhís fheabhsaithe agus níos mó éifeachtúlachtaí a sholáthar. Rinneamar uasghrádú ar ár mbogearraí i rith 2006 chun ligean dó íocaíochtaí Ríomhaistrithe Airgid a phróiseáil. Tástáladh an córas agus rinneadh na chéad íocaíochtaí Ríomhaistrithe Airgid sa ráithe deireanach de 2006. Táimid ag déanamh íocaíochtaí rialta trí Ríomhaistrithe Airgid anois le líon beag dár soláthróirí, líon atá ag fás, agus tá sé beartaithe againn leathnú amach ar scála níos leithne a dhéanamh go luath i 2007, lena n-áirítear íocaíochtaí Ríomhaistrithe Airgid le haghaidh gach éileamh taistil agus cothabhála foirne a leathnú amach.

2.17 Bhí an Oifig rannpháirteach sa tionscadal uasghrádaithe *Peoplesoft* Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm i rith 2006. Bhíothas ag obair ar an tionscadal ar feadh 12 seachtainí agus cuireadh an obair i gcrích i mí Mheán Fómhair.

2.18 Cuireann *Peoplesoft* Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna tacaíocht iomlán ar fáil do riachtanais Acmhainní Daonna na Státseirbhíse agus go sonrach tugann sé cúnamh leis an saothar oibre a riaradh, lena n-áirítear cur ar chumas na hOifige riachtanais rialála a chomhlíonadh maidir le saoire reachtúil agus le cineálacha saoire eile, chun riachtanais oiliúna, luacha saothair agus riachtanais tuairiscithe eile a chomhlíonadh chomh maith le litreacha fostaíochta a ghineadh go huathoibríoch.

2.19 Ciallaíonn rannpháirteacht san uasghrádú *Peoplesoft* Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna go bhfuil an Oifig mar chuid den timpeallacht seirbhísí bainistithe *Peoplesoft* Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna na Státseirbhíse anois agus roinneann sí an bunachar sonraí Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna agus an t-infrastruchtúr IT.

2.20 Cruthóidh an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmiúcháin nua, a tugadh isteach ag deireadh 2006, leibhéal níos airde de chomhtháthú chuig bainistíocht foirne. Tá meicníocht chun an fhoireann a ghrádú sa tsamhail nua ar mhaithe le hincrimintí a bhronnadh chomh maith le hoiriúnacht d'ardú céime a mheas. Bunaíodh foghrúpa dár gCoiste Comhpháirtíochta chun breithniú agus moltaí a dhéanamh maidir leis an tsamhail nua a thabhairt isteach san eagraíocht.

2.21 Tar éis oiliúint a sheachadadh don fhoireann go léir tugadh an tsamhail nua isteach i mí na Nollag 2006. Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm agus lorgófar aiseolas ón bhfoireann go luath i 2007.

Rialachas

2.22 Aithníonn an Oifig an fhreagracht atá uirthi a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta rialaithe agus rialachais cuí i bhfeidhm aici. Leanaimid ar aghaidh ag soláthar an méid faisnéise agus is féidir don phobal maidir le conas a dhéantar a feidhmeanna a urscaoileadh, trí Thuarascálacha Bliantúla, Ráitis Straitéise, Ráitis de Threoirlínte Ginearálta d'Ionchúisitheoirí agus leabhráin eolais a fhoilsiú. Is foinse faisnéise don phobal freisin é ár láithreán gréasáin agus cuireann sé raon faisnéise ar fáil faoin tslí a oibríonn an Oifig.

2.23 Is eol dúinn go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh muinín ag an bpobal as iontaofacht na faisnéise a chuirimid ar fáil. Cuirtear de dhualgas ar ár gCoiste Iniúchta, mar sin, athbhreithniú córasach a dhéanamh ar an timpeallach rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais san Oifig agus tuarascálacha agus comhairle a sholáthar don bhainistíocht shinsearach. Tá comhaltaí ó lasmuigh den tseirbhís phoiblí san áireamh ar an gCoiste, agus fónann duine amháin acu sin mar Chathaoirleach.

2.24 Tá plean oibre an Choiste Iniúchta leagtha amach chun na réimsí móra a chlúdú thar thimthriall trí bliana. Chríochnaigh an Coiste a chéad thimthriall trí bliana i mí na Nollag 2006. Tháirg an Coiste tuarascálacha i rith 2006 maidir leis an bpróiseas bainistíochta tionscadail dár gCóras Rianaithe Cásanna, Bainistíochta Doiciméad agus Comhad nua; Seirbhísí Abhcóide a Fháil; agus an timthriall Ioncaim.

2.25 Tugann Próiseas Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse deis don Oifig seo tuairisciú chuig grúpa seachtrach ar an dul chun cinn atá déanta againn maidir lenár dtiomantais a sheachadadh faoin gcomhaontú comhpháirtíochta sóisialta. I mí Bealtaine 2006 chuaigh an Oifig seo i láthair Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse agus chuir sí mionsonraí ar fáil faoi raon tionscnamh a raibh agus a bhfuil an Oifig ina mbun. Chuireamar dhá thuarascáil ar dhul chun cinn ar aghaidh chuig an Grúpa i rith na bliana freisin agus mar thoradh air sin mheas an Grúpa gur cheart an babhta ginearálta arduithe pá a íoc bunaithe ar an dul chun cinn a baineadh amach i rith na dtréimhsí faoi athbhreithniú.

Idirghníomhaíocht le gNíomhaireachtaí Eile sa Chóras Ceartais Choiriúil

2.26 Tá sé riachtanach oibriú agus comhoibriú a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile a bhíonn rannpháirteach sa chóras ceartais choiriúil chun seirbhís ionchúisimh comhtháite agus éifeachtach a sholáthar. Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm i rith na bliana a neartaigh ár gcaidreamh le gníomhaireachtaí eile a bhfuil páirteach sa chóras ceartais choiriúil agus a shruthlínigh soláthar seirbhísí ar deireadh trí chomhoibriú agus comhchomhairle idir na gníomhaireachtaí atá páirteach ann.

2.27 Is ó chomhaltaí den Gharda Síochána a fhaigheann an Oifig seo formhór na gcásanna. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go leanfaimid ar aghaidh ag obair leis an nGarda Síochána lena chinntiú go gcoimeádfar ar an eolas iad faoi fhorbairtí dlíthiúla maidir le cionta coiriúla a ionchúiseamh. D'éascaigh foireann ón Oifig seo fiche seisiún oiliúna do chomhaltaí den Gharda Síochána i rith 2006, ó leibhéal Garda ar Promhadh go dtí céim an Cheannfoirt. Áiríodh ar ábhair cleachtas & nósanna imeachta na Cúirte Dúiche; imscrúdú calaoise; agus ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

2.28 Mar ullmhúchán do chur i bhfeidhm alt 8 de chuid Acht an Gharda Síochána 2005 d'éascaíomar clár seisiún faisnéisithe do thuairim is 400 comhalta den Gharda Síochána ag leibhéil Sairsint Stáisiúin agus Cigire i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath chomh maith. Ba é cuspóir na seisiún faisnéisithe a chinntiú go mbeidh príomhchinnteoirí sa Gharda Síochána ar an eolas faoi na polasaithe agus na treoirlínte lena mbíonn súil ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí go gcloífidh siad leo agus ionchúisimh á dtionscnamh acu.

2.29 D'oibríomar le roinnt sainghníomhaireachtaí imscrúdaithe i rith na bliana chomh maith chun iarracht a dhéanamh cur ar aghaidh comhad ionchúisimh chuig an Oifig seo a shruthlíniú i sainchatagóirí cásanna. I gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil rinneamar iarracht a chinntiú go mbeidh gach údarás áitiúil ar an eolas faoinár riachtanais maidir le cásanna ionchúisimh, go háirithe ionchúisimh phleanála agus bainistíochta dramhaíola. D'éascaíomar seisiúin oiliúna freisin d'Oifigigh Fhorfheidhmithe in údaráis áitiúla maidir le cionta a ionchúiseamh, go háirithe iad sin in aghaidh reachtaíocht pleanála.

2.30 Tá dlíodóir sinsearach ónár Rannán Stiúrtha ag déanamh ionadaíochta ar an Oifig seo ar Ghrúpa Stiúrtha a bhunaigh an tAire Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha chun athbhreithniú a dhéanamh ar na córais agus nósanna imeachta reatha maidir le monatóireacht, rialú, faisnéis bainistíochta a sholáthar, bainistiú cásanna, agus iascaigh mhara a ionchúiseamh.

2.31 Tá an Oifig ag obair le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith maidir le hionchúiseamh cásanna ioncaim a shruthlíniú i gcúirteanna éagsúla ag leibhéal náisiúnta agus prótacail a bhunú maidir le comhad ionchúisimh ioncaim a ullmhú agus maidir le cásanna den sórt sin a ionchúiseamh sa chúirt ina dhiaidh sin.

2.32 I gcomhar leis an gCeann Gnóthaí Dlíthiúla do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, atá nuabhunaithe, tá an Oifig seo i mbun prótacal a bhunú a bheidh mar bhonn taca don idirghníomhú idir an Oifig seo agus an Coimisiún maidir le comhaid ionchúisimh a ullmhú agus a chur ar aghaidh.

2.33 I rith 2006 bhí an Oifig seo rannpháirteach agus chuir sí le grúpaí idirghníomhaireachta éagsúla, lena n-áirítear Cothromaíocht sa Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Choiriúil; Grúpa Idirchaidrimh an Gharda Síochána; an Coiste Idirchaidrimh Ceartais Choiriúil; Grúpa Idir-Oibreachais Ceartais Choiriúil; Grúpa Ríomhaireachta na Cúirte Uachtaraí; Coiste Éifeachtachta na Cúirte Dúiche; Grúpa Úsáideoirí na Cúirte Coiriúla; Fóram Custaiméirí na Seirbhíse Cúirteanna; an Coiste ar Ateangaireachta laistigh den Chóras Ceartais Choiriúil agus an Grúpa Comhairleach ar Choireacht agus ar Staitisticí Ceartais Choiriúil. Bhíomar rannpháirteach le cruinnithe idirchaidrimh leis an Ard-Aighne chomh maith.

2.34 Is eol dúinn an ról tábhachtach atá ag na 32 aturnae stáit áitiúla, a dhéanann ionadaíocht ar an Stiúrthóir i gcásanna coiriúla ar fud na tíre, sa phróiseas ionchúisimh. D'fhonn deis a chur ar fáil d'aturnaetha stáit áitiúla agus d'fhoireann na hOifige bualadh le chéile agus saincheisteanna dlíthiúla a phlé d'óstaíomar Seimineár d'Aturnaetha Stáit arís i 2006. Dhírigh an seimineár ar fhorbairtí le déanaí maidir le dlí coiriúil agus reachtaíocht nua. Bhí cur i láthair ar ghnéithe den Acht um Cheartas Coiriúil 2006, den Acht um Cheartas Coiriúil (Gealtacht) 2006, ar urghabháil sócmhainní agus ar fhorbairtí maidir le cumarsáid le híospartaigh choireachta. D'fhreastail beagnach seachtó toscaire ar an seimineár, an tinreamh is airde ar an ócáid sin go dtí seo.

2.35 D'eagraigh an Oifig seo 7ú Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta na nIonchúisitheoirí i mBealtaine i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Bealtaine 2006. D'fhreastail comhaltaí den bhreithiúnacht; abhcóidí ionchúisimh; aturnaetha stáit áitiúla; comhaltaí an Gharda Síochána; foireann ón Oifig seo; agus daoine eile a bhfuil páirt acu sa chóras ceartais coiriúil. Labhair Sir Alasdair Fraser, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí do Thuaisceart Éireann, leis an gcomhdháil agus labhair sé faoi bhunú na Seirbhíse Ionchúisimh nua do Thuaisceart Éireann. Áiríodh ar ábhair eile cothromaíocht a bhaint amach idir cearta na cosanta agus an ionchúisimh; fianaise fíorais den sórt céanna; agus an tAcht um Cheartas Coiriúil (Gealtacht) 2006. Mar is gnáth, thug an chomhdháil deis luachmhar do gach duine a bhfuil baint acu leis an gcóras ceartais coiriúil teacht le chéile chun ábhair spéise choitinn a phlé agus chun caidrimh oibre trasfheidhmiúla riachtanacha a fhorbairt.

2.36 Rinne an Oifig seo urraíocht ar sheimineár a d'eagraigh Ionad na hÉireann do Dhlí na hEorpa i mí na Samhna 2006. Ba iad an Stiúrthóir agus an Breitheamh Oirigh Nial Fennelly den Chúirt Uachtarach a rinne Cathaoirleacht ar na seisiúin ag an seimineár. An Barántas Gabhála Eorpach a bhí mar ábhar agus bhí cuir i láthair ón Ollamh Dermot Walsh, Ollscoil Luimnigh; ó Thomas O'Malley BL, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh; ó Angelika Mohlig, EUROJUST; agus ó Patrick Gageby SC. D'fhreastail foireann ón Oifig seo; ionadaithe ó ranna Rialtais; comhaltaí den bhreithiúnacht; aturnaetha agus abhcóidí; agus comhaltaí d'Oifig an Aturnae Ioncaim ar an seimineár.

2.37 Ar leibhéal idirnáisiúnta leanamar ar aghaidh ag cur le agus a bheith rannpháirteach le hobair chomhlachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta lena n-áirítear EUROJUST; GRECO; OLAF; Eurojustice; Comhlachas Idirnáisiúnta na nIonchúiseoirí; agus an Comhlachas Barra Idirnáisiúnta.

2.38 Rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin ar Chomhrac Breabaireachta Oifigeach Poiblí Coigcríche in Idirbhearta Gnó Idirnáisiúnta i 2006. Sannadh dlíodóir ón Oifig seo chun cúnamh a thabhairt leis an bpróiseas meastóireachta agus d'fhreastail beirt ionadaithe ón Oifig seo ar thrí sheisiún leis an bhfoireann meastóireachta a dhírigh ar sciúradh airgid agus ar chionta den chineál éillithe in Éirinn. Tá an mheastóireacht curtha i gcrích ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus foilseofar tuarascáil go luath i 2007.

2.39 Rinneadh meastóireacht den sórt céanna ar chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin san Ísiltír. Bhí dlíodóir ón Oifig seo mar chomhalta d'Fhoireann Meastóireachta an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta agus bhí sé rannpháirteach i gcur i láthair thuarascáil na meastóirí chuig grúpa oibre an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta i bPáras i mí an Mheithimh 2006.

2.40 I 2006 sholáthair an Stiúrthóir tuarascálacha do Chomhairle na hEorpa faoi leasuithe ar dhlí sheirbhís an ionchúisitheora phoiblí na Moldóive agus na hAirméine. Ina cháil mar chomhalta den Choimisiúin do Dhaonlathas tríd an Dlí de chuid Chomhairle na hEorpa (Coimisiún na Veinéise) thug an Stiúrthóir tuairimí ar cheisteanna dlíthiúla a d'eascair sa tSeoirsia agus san Úcráin agus bhí sé rannpháirteach i seimineáir oiliúna dlíthiúla sa Pholainn, san Iodáil agus sa Mhósaimbíc.

2.41 Bhí ionadaithe ón Oifig seo rannpháirteach i gcomhdháil Chomhairle na hEorpa san Úcráin, maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Agus iad san Úcráin thug Oifig an Ionchúisitheora Ginearálta i gCív cuireadh dár n-ionadaithe a bheith rannpháirteach i bpléití ar chlár oiliúna a bhunú d'ionchúisitheoirí na hÚcráine. Clúdóidh an clár cur i bhfeidhm dlí ionchúisimh agus nós imeachta ionchúisimh frith-sciúradh airgid de réir chaighdeáin mholta AE agus idirnáisiúnta.

Ionchais an Phobail Maidir leis an tSeirbhís

2.42 D'fhoilsigh an Oifig seo eagráin athchóirithe de dhá cheann dár leabhráin fhaisnéise *Ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí* agus *Ag Freastal sa Chúirt mar Fhinné* i mí na Samhna 2006. Foilsíodh na leabhráin den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2003 chun tuiscint níos fearr ar an obair a dhéanann an Oifig seo a chothú agus chun iarracht a dhéanamh an taithí a bhíonn ag

íospartaigh laistigh den chóras ceartais choiriúil a fheabhsú. Tá siad scríofa i bhformáid ceist agus freagra agus freagraíonn siad na ceisteanna is minice a chuirtear ar an Oifig seo.

2.43 Agus na leabhráin á n-athchóiriú againn, chuamar i gcomhchomhairle le roinnt gníomhaireachtaí, lena n-áirítear an Garda Síochána, an tSeirbhís Promhaidh, an tSeirbhís Cúirteanna, an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh. Chuir a gcomhairle agus a gcomhoibriú go mór le caighdeán na faisnéise atá sna leabhráin.

2.44 Lena chinntiú go mbeidh teacht ar fhaisnéis ina dteangacha féin ag an líon náisiúnach eachtrach atá ina gcónaí anseo, líon atá ag fás, foilsíodh na leabhráin ar ár láithreán gréasáin in ocht dteanga eachtrach: Araibis, Fraincis, Laitvis, Liotuáinis, Sínis (Mandairínis), Polainnis, Rúisis agus Spáinnis. Ciallaíonn sin go bhfuil na leabhráin ar fáil i ngach ceann de na sé theanga oifigiúla de na Náisiúin Aontaithe chomh maith le i dtrí theanga eile a labhraíonn pobail imirceach sách móra in Éirinn. Tá na leabhráin ar fáil i bhformáidí Braille agus closchaiséid freisin.

2.45 Sheol an tUas. Jim McHugh, Cathaoirleach an Choimisiúin do Thacaíocht d'Íospartaigh, na leabhráin athchóirithe go hoifigiúil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 13 Samhain 2006. I measc na ndaoine a d'fhreastail ar an seoladh bhí ionadaithe ó ghníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu leis an gcóras ceartais choiriúil, chomh maith le hionadaithe ó líon mór eagraíochtaí tacaíochta íospartach. Ócáid thar a bheith luachmhar a bhí ann agus thug sí deis do chomhaltaí na hOifige seo bualadh le oibreoirí deonacha ó na gníomhaireachtaí éagsúla a bhfuil baint acu le tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh, chomh maith le ó eagraíochtaí eile a oibríonn le híospartaigh choireachta.

2.46 D'fhoilsíomar eagrán athchóirithe dár *dTreoirlínte d'Ionchúisitheoirí* i mí Iúil 2006. Tá tuairisc níos mionsonraithe air sin i gCaibidil 6 den tuarascáil seo.

2.47 Foilsíodh Scéim Ghaeilge d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i 2005 de réir ár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Le linn 2006, ba i nGaeilge a freagraíodh gach comhfhreagras a fuarthas i nGaeilge. Rinneadh imeachtaí cúirte a bhí tionscanta i nGaeilge a riaradh i nGaeilge chomh maith agus sheol abhcóidí ar ár bpainéal ionchúisimh cásanna i nGaeilge. Tá láithreán gréasáin dhátheangach ag an Oifig agus foilsítear gach foilseachán Oifige i nGaeilge agus i mBéarla araon. Chuir an Oifig seo seoladh ríomhphoist tiomanta ar bun i 2006 (gaeilge@dppireland.ie) chun déileáil le comhfhreagras ríomhphoist a fhaightear i nGaeilge.

2.48 Le linn na bliana bhunaíomar coiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tslí a dhéanann an Oifig seo idirghníomhaíocht le híospartaigh choireachta. Tá an Grúpa comhdhéanta de chomhaltaí foirne ón trí rannán den Oifig i gcomhar le haturnae stáit áitiúil, agus tá gach duine acu bainteach le cumarsáid le híospartaigh choireachta ag céimeanna éagsúla den phróiseas ionchúisimh. Tugtar tuairisc ar leithligh ar obair an choiste agus ar fhorbairtí maidir le híospartaigh choireachta i gCaibidil 7 den tuarascáil seo.

3 FORBAIRTÍ DLÍTHIÚLA 2006

3.1 Is é cuspóir na caibidle seo ná léargas gairid a thabhairt ar na cinntí is mó tábhacht nó is mó spéise i réimse an dlí choiriúil i rith na bliana 2006. Bhí an clúdach a fuair roinnt cásanna tábhachtacha sna meáin chomh fairsing nach ndéanfar tagairt dóibh anseo, mar shampla *CC and A v. Governor of Arbour Hill* agus an t-athbhreithniú ar thrócaireacht mhíchuí i gcás *Wayne O'Donoghue*.

3.2 Mar a rinneamar sna blianta seo caite, roghnaíodh na cásanna chun na cineálacha saincheisteanna dlí a tháinig chun cinn i réimse an dlí choiriúil a léiriú. Níl sé mar aidhm ag an gcaibidil léargas cuimsitheach a thabhairt ar na forbairtí go léir sa dlí coiriúil i rith na bliana.

Moill

3.3 Ceann de na cásanna ba thromchúisí i rith na tréimhse ná cinneadh na Cúirte Uachtaraí sa chás *H v. Director of Public Prosecutions*, gan tuairisciú, 31 Iúil 2006. Bhreithnigh an Chúirt an dlí-eolaíocht atá tagtha chun cinn le deich mbliana anuas i gcásanna ina raibh cúiseamh de mhí-úsáid ghnéasach leanaí agus moill shuntasach idir an mhí-úsáid líomhnaithe, an gearán, agus cúiseamh a bheith á thabhairt in aghaidh an chúisí. Bhí an Chúirt den tuairim gur phríomh-shaincheist i ngach cás ná an ceart bunreachtúil ar thriail chóir. Go réadúil ní bhaineann an fiosrúchán lárnach an oiread sin le cúis na moille a bhí ar an ngearánaach an gearán a dhéanamh ach le cibé acu an bhfaighidh nó nach bhfaighidh an cúisí triail chóir nó cibé acu an bhfuil priacal fíor nó tromchúiseach ann go dtarlódh triail mhíchóir. Ní foras ann féin é don Stát diúltú ionchúiseamh a thionscnamh ná do na Cúirteanna diúltú aird a thabhairt ar chás mar gheall go raibh moill ar íospartach i gcoir thromchúiseach déanamh na coire sin a thabhairt ar aird údaráis an Stáit. Is féidir breathnú ar mhoill in imthosca áirithe mar rud a mbíonn éifeacht aici ar chreidiúnacht gearánaigh ach níor chóir dó sin a bheith ina fhoras go ginearálta chun cosc a chur ar thriail dul ar aghaidh. Ba chóir do na húdaráis ionchúisimh a chinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil fianaise sách láidir ann chun cúiseamh a chur in aghaidh duine agus tá sé de dhualgas orthu freisin breithniú cibé acu an féidir nó nach féidir triail chóir a thabhairt do dhuine cúisithe. Is dualgas dochraideach agus dian é an dualgas sin mar gheall go bhfuil imthosca ann ina mbeadh éagóir thromchúiseach á déanamh ar dhuine a bheadh cúisithe i leith cionta a líomhnaíodh gur tharla siad blianta fada ó shin dá dtabharfaí ionchúiseamh ar aghaidh i ndáil leis na cionta líomhnaithe sin.

3.4 Sa chás *PM v. Director of Public Prosecutions*, gan tuairisciú, an Chúirt Uachtarach, 5 Aibreán 2006, bhí 34 mí caite idir an tráth a ndearnadh gearán chuig na Gardaí faoi ró-mhígheanas agus an tráth ar cúisíodh an cúisí. Bhí ar an gCúirt breithniú a dhéanamh ar cibé ar chóir triail a chosc mar gheall ar an moill ag an ionchúiseamh amháin nó cibé ar chóir go mbeadh ar an duine cúisithe a chruthú gur cuireadh isteach ar a chearta/a cearta mar gheall ar an moill. Dúirt an chúirt go raibh uirthi tabhairt faoi phróiseas cothromaíochta idir ceart an chúisí a bheith cosanta ó strus agus imní mar gheall ar mhoill ró-fhada gan chúis agus leas an phobail maidir le hionchúiseamh agus ciontú na ndaoine sin a bhíonn ciontach i gcionta coiriúla. Ní leor moill ionchúisimh inti féin chun cosc a chur ar thriail; ní mór go mbeadh cur isteach ar cheann amháin nó níos mó de na leasanna arna gcosaint ag an gceart ar thriail dlúsúil. Ar deireadh, fuair an Chúirt gur cuireadh isteach ar chearta an iarratasóra agus cuireadh cosc ar a ionchúiseamh.

Urbhac Saincheiste i gCásanna Coiriúla

3.5 Ghlac an cás *Enda Lynch v. His Honour Judge Carroll Morran and Director of Public Prosecutions*, gan tuairisciú, an Chúirt Uachtarach, 23 Bealtaine 2006, leis nach bhfuil aon ról ag urbhac saincheiste in imeachtaí coiriúla in Éirinn, cibé acu i bhfabhar an ionchúisimh nó na cosanta.

3.6 Bhain an cás seo le saincheisteanna a tháinig chun cinn ag atriail sa chás gur theip ar an gcéad ghiúiré teacht ar chomhaontú faoi fhíorasc nó sa chás gur scaoileadh leis an ngiúiré gan teacht ar fhíorasc dóibh. D'fhéadfadh gur glaoíodh ar an mbreitheamh ag an gcéad triail chun rialuithe dlíthiúla éagsúla a dhéanamh ar shaincheisteanna mar inghlacthacht fianaise. Níl rialuithe den sórt sin ceangailteach anois ag an dara triail nó ag trialacha ina dhiaidh sin ar féidir leo na saincheisteanna a bhreithniú athuair.

Stair Ghnéasach Roimhe Sin

3.7 Ní bhíonn breithiúnais scríofa mar thoradh ar an gcuid is mó de rialuithe ar shaincheisteanna a bhaineann le croscheistiú ghearánaigh maidir lena stair ghnéasach roimhe sin de bharr go n-eascraíonn siad le linn trialach.

3.8 Bhreithnigh *Director of Public Prosecutions v. GK*, gan tuairisciú, an Chúirt Achomhairc Choiriúil, 5 Iúil 2006, an tsaincheist. Bhí an cúisí cúisithe i gcionta gnéasacha maidir le cailín a bhí idir 10 agus 15 bliana d'aois nuair a líomhnaíodh go ndearnadh na cionta. Bhí sí 16 nuair a scrúdaigh dochtúir í agus nuair a fuarthas nach raibh a himéin slán. I gcéad triail theip ar an ngiúiré teacht ar fhíorasc ar chúis ar bith. Ag an dara triail cúisíodh an cúisí ar roinnt scór agus níor chomhaontaigh an giúiré ar scóir eile. Chuir an Chúirt Achomhairc Choiriúil an ciontú a taifeadadh ag an dara triail ar neamhní ina dhiaidh sin.

3.9 Tar éis an dara triail sin ullmhaíodh tuairisc ar an tionchar ar an íospartach don éisteacht phianbhreithe a nochtaigh gur thosaigh an gearánach a bheith gníomhach go gnéasach le buachaillí nuair a bhí sí 12 bliain d'aois. Ag an tríú triail, maidir leis na scóir nár chomhaontaigh an giúiré ag an dara triail orthu, lorg an chosaint deis an gearánach a chroscheistiú ar a stair ghnéasach roimhe sin mar a nochtaíodh í sa tuairisc ar an tionchar ar an íospartach. Dhiúltaigh breitheamh na trialach don iarratas. Bhreithnigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil go raibh breitheamh na trialach mícheart agus an rialú sin á thabhairt. D'fhéadfadh go mbeadh an stair ghnéasach roimhe sin iomchuí maidir leis an himéin bhriste agus de bharr go bhféadfadh sí an seans go raibh tucaid eile ann chun an cúisí a aithint mar an t-aon duine a raibh caidreamh gnéasach aici leis a sholáthar. Bhreithnigh an Chúirt gur cuireadh leis a míchomhpord de bharr gurb eol di gur choinnigh an gearánach an fhaisnéis óna tuismitheoirí, óna dochtúir teaghlaigh, ón dochtúir a rinne an scrúdú uirthi nuair a bhí sí 16 agus ó chomhaltaí den Gharda Síochána a ndearna sí a gearán leo ar dtús báire. Dhiúltaigh an Chúirt den chiontú agus, de bharr go raibh an cúisí páirteach i dtrí thriail le dhá achomharc agus go raibh thart ar trí bliana go leith caite sa phríosún aige de bhua na gciontuithe, níor ordaigh sí atriail.

Pianbhreith a chur i gCásanna Pornagrafaíochta Leanaí

3.10 Bhreithnigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil sa chás *Director of Public Prosecutions v. Carl Loving*, gan tuairisciú, 10 Márta 2006, déine phianbhreith 5 bliana leis an 2 bliain dheireanacha ar fionraí as a bheith i seilbh pornagrafaíochta leanaí. Bhreithnigh an Chúirt gur chóir go bhféachfadh an Chúirt ar dhá cheann de na fachtóirí maolaitheacha bunúsacha, cibé ar ghlac an cúisí freagracht lena n-áirítear pléadáil chiontach agus a charachtar roimhe sin, go háirithe i ndáil leis an gcion a bhí i gceist.

3.11 Ar an dara dul síos, b'éigean a bhreithniú cé chomh tromchúiseach agus cé chomh líonmhar a bhí na híomhánna pornagrafacha féin. Ar an tríú dul síos, ba chóir do Chúirt imthosca agus fad achair na gníomhaíochta as a lean seilbh na n-íomhánna a bhreithniú. Ar an gceathrú dul síos, cibé ar thaispeáin an cúisí an t-ábhar d'aon duine eile riamh nó ar shlí ar bith eile é a scaipeadh nó a dháileadh ar shlí ar bith.

3.12 Sa chás áirithe seo, rinneadh na gníomhartha maidir le teacht ar an bpornagrafaíocht thar thréimhse ama ghearr agus ansin stopadh iad. Fágadh na híomhánna pornagrafacha gan úsáid

ina dhiaidh sin. Scor an cúisí de mhí-úsáid a bhaint as alcól, rud a raibh baint mhór aige lena chiontú. Ní dhearnadh díospóid go raibh áiféala agus náire go ginearálta air agus ní raibh aon leid ann gur thaispeáin sé an t-ábhar do dhuine éigin eile ná gur scaip sé an t-ábhar ar dhuine éigin eile. 175 íomhá a bhí ann ar an iomlán. Cé go raibh ciontuithe roimhe sin ag an gcúisí ní raibh aon chiontú aige don chineál ciona seo. Laghdaigh an Chúirt an phianbhreith go dtí 1 bliain.

Seilbh Mheargánta

3.13 Sa chás *Director of Public Prosecutions v. Michael Tanner*, gan tuairisciú, an Chúirt Achomhairc Choiriúil, 30 Samhain 2006, bhreithnigh an Chúirt an coincheap de sheilbh mheargánta. Thóg an t-achomharcóir spás pairceála ar cíos agus ainm bréagach á úsáid aige. D'íoc sé le hairgead tirim i gcónaí. Thart ar bhliain tar éis gur tógadh an spás ar cíos den chéad uair, fuarthas drugaí i mbúit charr a bhí pairceáilte sa spás a bhí i gceist. B'ionann luach na ndrugaí agus díreach faoi €500,000. Tugadh ar aird go raibh an carr clúdaithe le deannach. Fuarthas eochair an chairr ina bhfuarthas na drugaí i gcarr faoi úinéireacht duine darbh ainm James Tobin. Nuair a chuir na Gardaí glaoch ar an uimhir theagmhála a bhí tugtha nuair a tógadh an spás ar cíos, bhí an teachtaireacht fágtha ar theileafón Tobin.

3.14 Nuair a bhí sé i gcoimeád chualathas an t-achomharcóir ar an teileafón agus an méid seo á rá aige "*If the alarm goes off in my car, you can break a window*". Tar éis é sin a chloisteáil, chuaigh na Gardaí go dtí baile an achomharcóra agus agus fuair siad go raibh an fhuinneog ar an taobh briste agus go raibh an t-aláram ar siúl. Fuarthas svaidhpchárta a bhí in úsáid chun rochtain a fháil ar an gcarrchlós sa charr.

3.15 Dúirt an Chúirt go bhféadfaidh sé a bheith thar a bheith deacair a chruthú go raibh eolas beacht ag cúisí faoi nádúr ruda. Bhreithnigh an Chúirt go bhféadfadh go mbeadh cruthúnas ar neamhaird mheargánta maidir le cad a d'fhéadfadh a bheith sa rud dóthanach chun duine a chiontú agus ar bhonn na bhfíricí thuas sheas sí leis an gciontú.

Peiriúicí a chaitheamh

3.16 Sa chás *Director of Public Prosecutions v. Anthony Barnes*, gan tuairisciú, an Chúirt Achomhairc Choiriúil, 21 Nollaig 2006, rinne breitheamh na trialach tagairt ar dhá ócáid, agus an giúiré as láthair, nach raibh peiriúic á caitheamh ag abhcóide sinsearach nó ag abhcóide sóisearach na cosanta, agus mhol an breitheamh abhcóide a glaodh le déanaí a chuaigh isteach sa chúirt agus peiriúic á caitheamh aige, as ucht "*his respect of the traditions of his profession*". Dúirt an Chúirt Achomhairc Choiriúil go bhfuil sé sonraithe go soiléir ag an Oireachtas nach bhfuil ceanglas ar abhcóidí peiriúic a chaitheamh sa chúirt. Forálann alt 49 d'Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995,: "*A barrister or a solicitor when appearing in any court shall not be required to wear a wig of the kind heretofore worn or any other wig of a ceremonial type*". Dúirt an Chúirt, de bharr nach raibh ceanglas ar abhcóidí peiriúic a chaitheamh, nár chóir d'aon duine sa chúirt ráiteas a dhéanamh faoi cibé acu an raibh ceann orthu nó nach raibh. Bíonn post cumhachtach ag breitheamh na trialach i dtriail agus d'fhéadfadh sé gur mheas abhcóidí le níos lú taithí ná mar a bhí ag na habhcóidí sa chás seo gur chóir dóibh cloí le roghanna bhreitheamh na trialach agus peiriúic a chaitheamh, ar mhaithe lena gcliaint.

Alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005

3.17 Cruthaíonn alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005 ról maoirseachta nua don Oifig an Stiúthóra Ionchúiseamh Poiblí ag féachaint d'ionchúisimh a thógtar sa Chúirt Dúiche ag comhaltaí den Gharda Síochána. Soláthraíonn an ról maoirseachta sin don Stiúrthóir treoracha ginearálta agus sainiúla araon a eisiúint maidir leis an tuairim is 300,000 ionchúiseamh de chuid na Cúirte Dúiche (lena n-áirítear cásanna indíotáilte a ndéileáltar leo go hachomair) a thógann an Garda Síochána gach bliain. Ina theannta sin féadfaidh an Stiúrthóir treoracha maidir leis an bhforas nó le hiompar ionchúiseamh den sórt sin a thabhairt, a athrú nó a chealú agus féadfaidh sé tógáil ionchúiseamh ag comhaltaí an Gharda Síochána i gcineálacha cionta sonracha nó in imthosca sonraithe a chosc. Is ionann sin agus méadú thar a bheith

suntasach ar na freagrachtaí atá le hurscaoileadh ag an Oifig seo agus dúshlán suntasach don todhchaí.

3.18 Tháinig alt 8 d'Acht an Gharda Síochána i bhfeidhm i mí Feabhra 2007. Mar ullmhúchán do chur i bhfeidhm an ailt, d'éascaigh an Oifig an Stiúthóra Ionchúiseamh Poiblí clár seisiún faisnéisithe do thuairim is 400 comhalta den Gharda Síochána ag leibhéal Sairsint Stáisiúin agus ag leibhéal Cigire i Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath. Roghnaíodh an Réigiún sin le haghaidh oiliúna faoi leith de bharr gurb iad oifigigh shinsearacha den Gharda Síochána, a bhíonn eolach faoi riachtanais an Stiúrthóra trí oiliúint leanúnach a chuireann an Oifig seo ar fáil, a thugann faoi obair ionchúisimh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Ba é cuspóir na seisiún faisnéise a chinntiú go mbeidh príomh-chinnteoirí sa Garda Síochána ar an eolas faoi na polasaithe agus na treoirlínte lena mbíonn súil ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí go gcloífidh siad leo agus ionchúisimh á dtionscnamh acu.

3.19 An 23 Eanáir 2007 d'eisigh an Stiúrthóir treoir ghinearálta faoi alt 8 a raibh éifeacht leis ó 1 Feabhra 2007. Is féidir teacht ar théacs na treorach ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.dppireland.ie.

4 IONCHÚISIMH FAOI ALT 49(4)
(Tástáil Fhianaiseach Anála a Úsáid – Nuashonrú)

Tiomáint faoi Thionchar an Óil

4.1 Is é atá mar chuspóir leis an gcaibidil seo an t-eolas is deireanaí a chur ar fáil i ndáil le cásdlí a eascraíonn as ionchúisimh maidir le tiomáint faoi thionchar an óil ó eiseamal anála i rith na bliana 2006.

Agóid Bhunreachtúil

4.2 Thagríomar don chás *Ashley McGonnell, Oliver Quinlan and John Purcell v. Attorney General and Director of Public Prosecutions* inár dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2005 inar sheas an Ard-Chúirt le bunreachtúlacht fhorálacha an iontacsailíosair. Rinneadh an cás a achomharc chuig an gCúirt Uachtarach. Tugadh breithiúnas sa Chúirt Uachtarach an 28 Samhain 2006 inar díbheadh achomhairc na ngearánach. Luaigh Murray CJ "*in all the circumstances, in particular conclusions that the statutory procedures for the measuring/providing of breath/alcohol levels are not disproportionate or an impermissible interference with an accused's right to a fair trial, the court dismisses the appeal*".

An Tréimhse Breathnóireachta Fiche Nóiméad

4.3 Leagadh roinnt cásanna amach inár dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2005 inar tugadh aghaidh ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn i ndáil leis an tréimhse breathnadóireachta 20 nóiméad i gcásanna maidir le tástáil fhianaiseach anála. Tugadh aghaidh ar shaincheist eile i gcás an *Director of Public Prosecutions (ar agra an Gharda Shane Curran) v. Garrett Foley*, O'Neill, gan tuairisciú, an Ard-Chúirt, 31 Eanáir 2006, nuair a teachtadh "*no additional caution or warning is required at the commencement of the 20 minute period so as to render it lawful*". Luaitear freisin sa bhreithiúnas "*the information given and cautions given at the time of arrest and subsequently by the member in charge when the alleged offender is brought to the Garda station, if sufficient to render lawful the overall detention, will also be sufficient to render lawful the detention during the period of twenty minute observation*".

Deimhniú Alt 17

4.4 Foráiltear in alt 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 go mbeidh an deimhniú arna tháirgeadh ag an iontacsailíosar, go dtí go suífear a mhalairt, mar fhianaise leordhóthanach ar na fíricí a luaitear ann agus ar chomhlíonadh an Gharda Síochána le ceanglais an Achta. Sa chás *Daniel Ruttledge v. District Judge Patrick Clyne and Director of Public Prosecutions*, Dunne J, gan tuairisciú, an Ard-Chúirt, 7 Aibreán 2006, breithníodh an cheist maidir le hearráidí i ndeimhnithe alt 17. Ba é an earráid áirithe a bhí sa chás sin ná gur tagraíodh d'ainm an Gharda ar an deimhniú alt 17 seachas d'ainm an iarratasóra mar an duine a raibh an t-eiseamal anála á sholáthar aige. Ag leanúint réasúnaíocht chás Andrew Barnes, seasadh le "*that an error of the kind that had been made on the certificate is one which was of such an obvious or trivial or inconsequential nature that it could not have given rise to any confusion or misleading of the accused or indeed imposed any prejudice on him or any injustice*".

Cásanna a Diúltaíodh/ar Theip Orthu

4.5 Sa chás *John Davitt v. Judge Deery and Director of Public Prosecutions*, Murphy J, gan tuairisciú, an Ard-Chúirt, 20 Márta 2006, rinneadh an cion maidir le mainneachtain eiseamal anála a sholáthar a scrúdú. Breithníodh cinneadh na Cúirte Uachtaraí i gcás *Director of Public*

Prosecutions v. Bridget Moorehouse agus seasadh leis gur chinn *Moorehouse*, faoi réir alt 23, gur chruthaigh alt 13(2) cion daingean sna himthosca go léir. Dúradh sa Chúirt "*it would seem clear that fault is not a requirement in order to establish that offence. Mar a luaigh Geoghegan J. i* Doyle, *non compliance with the requirement was enough*".

4.6 I gcás an *Director of Public Prosecutions (ar agra an Gharda James King) v. Christopher Tallon*, bhreithnigh MacMenamin J, gan tuairisciú, an Ard-Chúirt, 28 Iúil 2006, ceist maidir le cumhacht na Cúirte Dúiche toghairmeacha diúltaithe/teipthe a leasú ina gcúisítear an cosantóir i gcion mainneachtain eiseamal anála a sholáthar "*in the manner indicated by the said member of An Gardaí Siochana*", agus é cinnte ag an gCúirt Uachtarach i gcás *Bridget Moorehouse* nach raibh cúiseamh arna fhrásáil mar sin aitheanta sa dlí. Sheas an Ard-Chúirt leis go raibh an leasú a bhí á thairiscint mar "*a matter for the discretion of the District Judge which discretion should be exercised in accordance with the approach set out by Finlay P in* The State (Duggan) v. Evans*, and Lynch J in* Director of Public Prosecutions v. Corbett".

Cásanna Eile

4.7 Dhéileáil Dunne J leis an tsaincheist maidir le duine faoi dhrochamhras a bheith á choinneáil ag comhalta den Gharda Síochána nach raibh ar dualgas sula ndéanfadh comhalta eile den Gharda Síochána a bhí ar dualgas é a ghabháil i gcás an *Director of Public Prosecutions v. Fergal Warren*, gan tuairisciú, an Ard-Chúirt,18 Bealtaine 2006. Sheas an Ard-Chúirt gurb ionann coinneáil an chomhalta den Gharda Síochána nach raibh ar dualgas agus gabháil agus go raibh sin dleathach. Maidir leis an gceist "arrest upon arrest", rinneadh tagairt do bhreithiúnas MacMenamin J i gcás *O'Mahony v. Ballagh* (2002) 2IR 410, inar luadh gurb é "*the key issue in relation to re-arrest was whether there was evidence of abuse of process*" agus ar fhíricí chás Warren, seasadh leis nach raibh fianaise ann de mhí-úsáid próise agus dá bhrí sin ba ghabháil bhailí a bhí sa ghabháil a rinneadh ina dhiaidh sin.

4.8 I gcás an *Director of Public Prosecutions (ar agra an Gharda Garry Hallinan) v. Donal Milmo Penny*, bhreithnigh Dunne J, gan tuairisciú, an Ard-Chúirt, 27 Iúil 2006, an staid ina dtagann comhalta den Gharda Síochána ar an tuairim is gá chun gabháil do chion faoi alt 49 a chosaint agus go n-iarrtar ar an tiománaí tarraingt isteach ar thaobh an bhóthair agus bhreithnigh sé cibé ar treoir é sin chun cion a dhéanamh a chuir an ghabháil faoi smál nó a d'éiligh an tuairim ar thángthas uirthi faoi alt 49. Sheas an Ard-Chúirt gur "*as all of the necessary ingredients were present for a valid arrest and it has never been suggested otherwise, then, notwithstanding that the Garda required the defendant to continue driving a short distance, nothing occurred which had the effect of prejudicing the defendant in any way*".

4.9 I gcás an *Director of Public Prosecutions v. Sean Kenny*, bhreithnigh Herbert J, gan tuairisciú, an Ard-Chúirt, 13 Deireadh Fómhair 2006, an cheist maidir le feidhmiú ceart an rogha duine a chúiseamh i gcion faoi alt 50 (ar meisce i bhfeighil) ina gcúisítear cosantóir le cion in aghaidh alt 49 (tiomáint mheisciúil). Foráiltear san Acht go bhféadfar duine a chúisítear i gcion faoi alt 49 a dhéanamh a chiontú i gcion faoi alt 50. D'éigiontaigh Breitheamh na Cúirte Dúiche an cion faoi alt 49 ar aighneacht nach raibh aon fhianaise ann maidir leis an am a rabhthas ag tiomáint. Dhiúltaigh Breitheamh na Cúirte Dúiche an duine a chiontú as cion faoi alt 50 agus é ag rá gur tionscnaíodh an t-ionchúiseamh do chion faoi alt 49. Sheas an Ard-Chúirt le "*there is nothing to indicate that the person upon whom the particular discretion is conferred is under an obligation to exercise it in a particular way, but it must be exercised*".

4.10 I gcás an *Director of Public Prosecutions (ar agra an Gharda Richard T O Connor) v. Brendan Cronin*, De Valera J, gan tuairisciú, an Ard-Chúirt, 13 Samhain 2006, seasadh leis go raibh Breitheamh na Cúirte Dúiche mícheart an cúiseamh faoi alt 49 a dhíbheadh inar thug an comhalta den Gharda Síochána fianaise go raibh an cúisí "*incapable of exercising*" seachas "*incapable of having*" maidir le smacht ceart ar an bhfeithicil. Luaigh an Breitheamh De Valera "*the difference in meaning between the use of the words 'exercising' and 'having' in the context of this section, and also in the context of the circumstances of the offence and the subsequent arrest, was non existent*".

4.11 Sa chás *John Kearney v. Director of Public Prosecutions*, bhreithnigh Dunne J, gan tuairisciú, an Ard-Chúirt, 21 Nollaig 2006, an staid nuair nár insíodh don chúisí an chúis a bhí lena ghabháil in imthosca ina raibh a ghabháil á chomhrac aige agus ar mb'éigean é a shrianadh go fisiciuil. Sheas an Ard-Chúirt le "*it was not unreasonable for a member of the Gardaí to concentrate on the restraint of an arrested person rather than explaining the reason for the arrest there and then in circumstances where an accused person has, by his own conduct, brought about a situation in which the Gardaí are required to use their energies to restrain him*".

Reachtaíocht

4.12 Tugadh isteach tástail anála randamach le halt 4 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2006. Níl aon chásdlí tuairiscithe go dtí seo i ndáil le tabhairt isteach na reachtaíochta sin. Tugadh aghaidh ar shaincheist a thainig chun cinn i ndáil le cumhacht gabhála i ndiaidh ceanglas faoi alt 4 a dhiultú, in alt 1 den Acht um Thrácht ar bhóithre agus Iompar 2006.

4.13 Le halt 5 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2006, ligfear do dhuine a ghabhálfar do thiomáint faoi thionchar an óil le léamh sa chatagóir is ísle glacadh, ar an gcéad dul síos le fíneáil muirir sheasta, agus ar an dara dul síos ordú díchailiúcháin a bheadh comhionann leis an íostréimhse a bheadh os a chomhair/a comhair dá gciontófaí é nó í i gcúirt. Níl feidhm leis an bhforáil sin fós.

5 BARÁNTAS GABHÁLA EORPACH A FHORBAIRT

An tAcht um Barántas Gabhála, 2003

5.1 Tháinig an tAcht um Barántas Gabhála, 2003 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2004. Sainmhínítear an Barántas Gabhála Eorpach in alt 2 den Acht mar chinneadh Cúirte i mballstát amháin de chuid an AE a dhírítear ar Chúirt i mballstát eile de chuid an AE chun críche "*conducting a criminal prosecution or the execution of a custodial sentence in the issuing member state*".

Ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

5.2 Cuireann Aonad Eiseachadta an Gharda Síochána iarratais maidir le hullmhú Barántais Gabhála Eorpach isteach faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Dréachtaíonn dlíodóir inár Rannan Aturnaetha an barántas agus cuireann sé nó sí faoi bhráid ár Rannán Treoracha é lena cheadú. Nuair a fhaightear treoir chun leanúint ar aghaidh leis an iarratas, déanann ár Rannán Aturnaetha iarratas ar bharántas sna cúirteanna. Déantar iarratais ar Barántais Gabhála Eorpach chuig breitheamh de chuid na hArd-Chúirte ina suí di i mBaile Átha Cliath de ghnáth. Nuair a dheonaítear an t-ordú, déantar an barántas a sheoladh chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tarchuireann an Roinn an barántas ansin chuig an tír ina meastar a bhfuil an duine iarrtha ina chónaí/ina cónaí.

Torthaí go dtí Seo

5.3 Tá tuairim is 84 Barántas Gabhála Eorpacha eisithe ag cúirteanna na hÉireann ó tugadh isteach an tAcht i mí Eanáir na bliana 2004. Tarchuireadh 76 chuig an Ríocht Aontaithe, 4 chuig an Spáinn, 3 chuig an Ísiltír agus 1 chuig an Bheilg.

5.4 Ba náisiúnaigh de chuid na hÉireann iad 56 de na 86 duine iarrtha, ba Bhriotanaigh 22 díobh agus bhí náisiúnach amháin de chuid gach ceann de na tíortha seo a leanas ar na daoine iarrtha; an Túinéis, an Nigéir, an Rómáin, Meiriceá, an Liotuáin agus an Ísiltír. Chlúdaigh na cionta a rabhthas sa tóir orthu ina leith raon leathan de chionta tromchúiseacha, lena n-áirítear dúnmharú, cionta gnéis, cionta drugaí, gadaíocht agus ionsaithe tromchúiseacha.

5.5 Le halt 33 den Acht um Barántas Gabhála, 2003, ní cheadaítear Barántas Gabhála Eorpach a eisiúint ach amháin má luaitear téarma príosúnachta de 12 mí ar a laghad leis an gcion ar chiontú a bhaint amach nó, nuair is duine ciontaithe é an duine iarrtha a bhfuil téarma príosúnachta de 4 mhí gearrtha air nó uirthi. Leis sin, cinntítear nach ndéantar iarratais ar Barántais Gabhála Eorpach ach do chionta tromchúiseacha.

5.6 As na 84 barántas a eisíodh go dtí seo, gabhadh 38 duine agus eiseachadadh iad ar ais go hÉirinn. Níor diúltaíodh ach iarratas amháin ar eiseachadadh. Bhí an diúltú bunaithe ar imeacht ama agus breithnithe eile. Tá 10 breise gafa thar lear agus tá siad os comhair cúirteanna faoi láthair.

5.7 As na 35 barántas atá fágtha, níor leanadh le tuairim is 5 díobh mar gheall gur gabhadh an duine iarrtha go háitiúil in Éirinn i ndiaidh don Barántas Gabhála Eorpach a eisiúint nó mar gheall go bhfuil an duine iarrtha nó an gearánach básaithe.

5.8 Tá 30 barántas nár forghníomhadh fós mar nach bhfuil a fhios cá bhfuil an duine iarrtha, de bhrí gur athraíodh seoladh thart ar an am a seoladh an Barántas Gabhála Eorpach chuig an tír iarrthach. Sna cásanna sin, leanfaidh údaráis an Gharda Síochána lena gcaidreamh lena gcomhghleacaithe in Interpol mar iarracht an áit go díreach a bhfuil an duine iarrtha lonnaithe a dhéanamh amach.

Comhairle na hEorpa agus Meastóireacht

5.9 Cheadaigh Comhairle na hEorpa plean gnímh chun éifeachtacht chomhoibriú ballstát in aghaidh na coiriúlachta eagraithe a fheabhsú i mí an Mheithimh 1997. Bhí córas meastóireachta frithpháirtí ar chomhlíonadh ionstraimí agus gealltanas idirnáisiúnta i gcúrsaí coiriúlachta a bhunú ar cheann dá mholtaí. Ghlac an Chomhairle le comhghníomh chun an moladh sin a chur i bhfeidhm i mí na Nollag 1997.

5.10 Sa bhliain 2006, bhí Éire mar an chéad tír san AE a ndearna an grúpa Ildisciplíneach ar choireacht eagraithe meastóireacht uirthi i ndáil le feidhmiú na scéime Barántas Gabhála Eorpach. Cuireadh tús leis an bpróiseas meastóireachta le ceistiúchán agus bhí cuairt ar Éirinn ó fhoireann saineolaithe ar a raibh ionchúisitheoirí ó bhallstáit i gceist ansin. Chas na saineolaithe le hionadaithe ónár nOifig chomh maith le hionadaithe ó Oifig an Ard-Aighne, ó Oifg an Phríomh-Aturnae Stáit, ó Aonad Eiseachadta an Gharda Síochána agus ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

5.11 Níor foilsíodh an tuarascail go fóill cé gur cuireadh na moltaí a rinneadh le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i bhfeidhm. Ba é an príomh-mholadh a rinne an fhoireann saineolaithe ná go ndéanfaí ardú i líon na ndlíodóirí i Rannan Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a bheadh ar fáil chun déileáil le Barántais Gabhála Eorpach a bhreithniú. Bhí dlíodóir ón Oifig rannpháirteach i meastóireacht den sórt céanna maidir le feidhmiú na scéime Barántas Gabhála Eorpach sa Ríocht Aontaithe.

Conclúidí

5.12 Ní raibh ach cás amháin in Éirinn ó tugadh an scéim Barántas Gabhála Eorpach isteach i mí Eanáir 2004 inar dhiúltaigh tír duine a fhorghéilleadh. Bhí imeacht amach agus breithnithe a bhain leis an gcás agus leis sin amháin mar na forais sa chás áirithe sin. Ó thaobh an ionchúisimh de, tá an Barántas Gabhála Eorpach ag cruthú mar uirlis an-éifeachtach chun a dhaingniú go gcuirfear daoine a bhíonn cúisithe ar ais.

5.13 Tá ardú seasta tagtha ar líon na gcomhad atá faighte ó chomhaltaí den Gharda Síochána san Aonad Eiseachadta i gCeanncheathrú an Gharda Síochána ón mbliain 2004. Fuair an Oifig líon iomlán de 13 comhad ón nGarda Síochána sa bhliain 2004; fuarthas líon iomlán de 26 comhad sa bhliain 2005; agus sa bhliain 2006 b'ionann agus 40 líon iomlán na gcomhad a fuarthas. Má leanann na figiúirí ar aghaidh ag ardú mar atá siad is é an dúshlán a bheidh ann don Oifig ná a bheith ullamh chun déileáil go héifeacht leis an leibhéal méadaithe comhad. Tá socruithe déanta cheana féin san Oifig, ag leanúint as moltaí na foirne saineolaithe meastóireachta de chuid Chomhairle na hEorpa chun déileáil leis an ardú a d'fheadfadh teacht ar líon na gcomhad Barántas Gabhála Eorpach.

5.14 Gné shuntasach amháin den scéim Barántas Gabhála Eorpach nua is ea chomh tapa ar féidir duine aonair a ghabháil agus a fhorghéilleadh. Mar shampla, bhí roinnt cásanna ag ár nOifig inar eiseachadadh duine go hÉirinn laistigh de dhá sheachtain ó Barántas Gabhála Eorpach a eisiúint.

5.15 Ós rud é gur doiciméad bailí ar fud an AE é an Barántas Gabhála Eorpach, tá sé beartaithe é a dhéanamh i bhfad níos deacra do dhaoine na héagsúlachtaí a bhí idir córais dlí náisiúnta roimhe seo a úsáid chun gabháil a sheachaint nó chun tearmann a fháil i dtír eile de chuid an AE.

5.16 Le go n-oibreoidh sé chomh héifeachtach is a d'oibrigh sé go dtí seo, braithfidh an Barántas Gabhála Eorpach ar bhallstáit an AE ag leanúint le muinín a bheith acu as córais dlí a chéile agus braithfidh sé orthu glacadh le cinntí a gcúirteanna agus iad a aithint.

6 TREOIRLÍNTE D'IONCHÚISITHEOIRÍ

6.1 Seoladh na *Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí* don chéad uair sa bhliain 2001. Foilsíodh leagan athbhreithnithe de na *Treoirlínte* agus sheol an Breitheamh Catherine McGuinness Oinigh, Breitheamh na Cúirte Uachtaraí agus Uachtarán an Choimisiúin um Athchóiriú Dlí é i mí Iúil 2006. Agus prionsabail á leagan amach go ginearálta ar chóir dóibh tionscnamh agus seoladh ionchúiseamh in Éirinn a threorú, is é príomhchuspóir na *dTreoirlínte* bonn a chur ar fáil do pholasaí ionchúisimh cothrom, réasúnach agus comhleanúnach.

6.2 I bhformhór na ndlínsí, is ionchúisitheoirí a thionscnaíonn agus a sheolann ionchúisimh go hiomlán. Ní hamháin go ndéanann siad cinntí maidir le hionchúisimh ach seolann siad na hionchúisimh sa chúirt agus is féidir leo a bheith freagrach as na himscrúduithe riachtanacha go léir a sheoladh nó ar a laghad, a mhaoirsiú.

6.3 Níl aon ról imscrúdaitheach ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí in Éirinn. Is ábhar don Gharda Síochána nó do ghníomhaireacht speisialaithe eile é imscrúdú. Nuair a chinntear in Oifig an DPP cás a ionchúiseamh, is é an Rannán Aturnaetha in Oifig an DPP a láimhseálann an cás más cás tromchúiseach é a bhfuiltear ag déileáil leis i gcúirt giúiré i mBaile Átha Cliath. Is aturnaetha stáit áitiúla a láimhseálann an cás más lasmuigh de Bhaile Átha Cliath atá sé. Is caidreamh dlíodóra agus cliaint a bhíonn acusan leis an Oifig seo. Nuair a thagann cásanna a éistear ós comhair giúiré chun na cúirte, is abhcóidí neamhspleácha a láimhseálann iad a ghníomhaíonn ar threoracha ó dhlíodóirí de chuid an Stiúrthóra.

6.4 Mar sin féin, is sa Chúirt Dúiche a éistear le formhór mór na gcásanna coiriúla. Ionchúisíonn dlíodóirí arna bhfostú ag an Oifig seo roinnt de na cásanna sin go díreach ach, is comhaltaí den Gharda Síochána a dhéanann a bhformhór a ionchúiseamh. Le teacht i bhfeidhm alt 8 den Acht an Gharda Síochána 2005, beidh gach comhalta ionchúisimh den Gharda Síochána ag ionchúiseamh cásanna in ainm an DPP agus beidh siad faoi dhualgas na treoracha ginearálta a thugtar san Oifig seo mar aon le haon treoracha sainiúla a thugtar i gcásanna aonair a chomhlíonadh. Is ionann sin agus forbairt a bhféadfadh iarmhairtí forleathana a bheith aici d'ionchúisimh achoimre in Éirinn.

6.5 Dá bhrí sin, tá na *Treoirlínte* dírithe ní hamháin ar fhoireann na hOifige seo ach ar na daoine sin go léir a bhíonn ag ionchúiseamh in ainm an DPP. Agus an oiread sin daoine éagsúla páirteach sa chóras ionchúisimh is léir go bhfuil gá le treoirlínte soiléire. Is meicníocht amháin é treoirlínte a eisiúint inar féidir leis an Oifig seo iarracht a dhéanamh comhleanúnachas a bhaint amach.

6.6 Cúis amháin eile leis na *Treoirlínte* a fhoilsiú na chun cur le tuiscint an phobail ar an gcóras ionchúisimh laistigh den chóras cheartais choiriúil ina iomlán. Is féidir leis a bheith tábhachtach, go háirithe le córas nach dtugtar na cúiseanna a bhíonn le cinntí d'iospartaigh coireachta, a mhéid misnigh agus is féidir a thabhairt dóibh maidir leis na prionsabail a fheidhmítear agus cinntí á ndéanamh agus a dhearbhú gur cloíodh leis na prionsabail sin.

6.7 Is doiciméad i bhfad níos mó é an leagan athbhreithnithe de na *Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí* ná an chéad leagan. Tá Cód Eitice d'ionchúisitheoirí san áireamh ann don chéad uair. Tá prionsabail arna leagan amach ag na Naisiúin Aontaithe, ag Comhairle na hEorpa agus ag Cumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí mar fhaisnéis ag an gCód sin. Déileáiltear sna *Treoirlínte* don chéad uair leis an gceist dheacair

a bhaineann le fianaise comhchoirí agus díolúine a thabhairt do chomhchoirithe agus leis an tsaincheist maidir le forghéilleadh, coigistiú agus dícháilíochtaí iar-chiontaithe.

6.8 Tá an chaibidil ina ndéileáiltear le cearta na n-íospartach agus cearta ghaolta na n-íospartach leathnaithe go mór. Cé go ndéantar soiléir sna *Treoirlínte* go gníomhaíonn ionchúisitheoirí thar ceann na nDaoine ina n-iomlán agus ní ar mhaithe le duine aonair amháin agus dá bhrí sin nach bhféadfar tuairimí agus leasanna an íospartaigh amháin a bhreithniú nuair a bhítear ag cinneadh an ndéanfar nó nach ndéanfar cás a ionchúiseamh, tá aitheantas níos mó á thabhairt don tábhacht a bhaineann le héisteacht le tuairimí na n-íospartach agus iad a bhreithniu go cúramach nuair a bhíonn cinntí ina bhfuil leas mór acu á ndéanamh. Cuirtear béim sna *Treoirlínte* ar an tábhacht a bhaineann le caitheamh le híospartaigh go tuisceanach, go comhbhách agus le meas agus ag féachaint dá gcearta agus dá ndínit.

6.9 Déanfar na *Treoirlínte* a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach lena chinntiú go léireoidh siad an t-eolas is déanaí agus go mbeidh aon athruithe i reachtaíocht ionchorpraithe iontu. Maidir leis sin, táimid ag tabhairt an dara eagráin cothrom le dáta agus tá sé beartaithe an 3ú Leagan de na *Treoirlínte* a fhoilsiú sa bhliain 2007. Tá na *Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí* ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie.

7 ÍOSPARTAIGH CHOIREACHTA

7.1 Inár dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2005, thugamar tuairisc ar an obair a rabhthas ina bun san Oifig chun caidrimh a fhorbairt le grúpaí ionadaíocha íospartach (obair atá á comhordú anois ag an gCoimisiún um Thacú le hÍospartaigh Choireachta) agus ar ár gcomhoibriú leanúnach leis an nGarda Síochána chun cumarsáid éifeachtach le híospartaigh a bhaint amach. Leanadh leis an obair sin sa bhliain 2006 agus bhíothas rannpháirteach i seimineáir éagsúla do ghníomhaireachtaí chun tacú le híospartaigh agus bhí comhráití leanúnacha ar siúl leis an nGarda Síochána ag leibhéal sinsearach.

Nósanna Imeachta a Athbhreithniú

7.2 Bunaíodh Coiste uile-Oifige sa bhliain 2006 chun ár nósanna imeachta go léir i ndáil le cumarsáid le híospartaigh a athbhreithniú agus chun moltaí a dhéanamh maidir le feabhsuithe nuair is gá. Cé go raibh nósanna imeachta a bhí ann maidir le cumarsáid le híospartaigh ag obair go maith de réir dealraimh, rinneadh roinnt athruithe, mar thoradh ar obair an Choiste sin, atá dírithe go príomha ar a chinntiú go bhfaigheann íospartaigh eolas ar shlí thráthúil maidir le forbairtí ina gcás agus ar a chinntiú go gcuirtear

THUAS – Ó Chlé: Claire Loftus, An Príomh-Aturnae Ionchúisimh; James Hamilton, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí; Al McHugh, Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána; Marian Finucane, An Coimisiún um Thacú le hÍospartaigh Choireachta; Fachtna Murphy, Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána

in iúl dóibh go bhfuil siad i dteideal cruinniú réamhthrialach a bheith acu leis an bhfoireann dlí ionchúisimh. Tá obair an Choiste ar siúl go leanúnach.

Idirchaidreamh leis an nGarda Síochána

7.3 Leantar ar aghaidh san Oifig ag obair go dlúth leis an nGarda Síochána agus ceapadh comhalta sinsearach den Gharda Síochána le déanaí chun

cumarsáid le híospartaigh a chomhordú. Táthar ag leanúint ar aghaidh san Oifig seo ag cloí le polasaí cumarsáid a bheith ann le híospartaigh nuair is féidir tríd an gcomhalta ionchúisimh arb é nó í an duine a mbeidh caidreamh forbartha aige nó aici leis an íospartach coireachta de ghnáth. Fáiltíonn an Stiúrthóir roimh thionscnamh de chuid an Gharda Síochána

le déanaí ina gcuirtear, ó mhí na Nollag 2006, litreacha chuig an íospartach trí chóras IT PULSE an Gharda Síochána ina gcuirtear eolas riachtanach maidir le seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh ar fáil dóibh agus in gcuirtear an dul chun cinn sa chás in iúl dóibh.

Leabhráin Athbhreithnithe

7.4 Athbhreithníodh agus foilsíodh an dara leagan de na leabhráin eolais *Ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí* agus *Ag Freastal sa Chúirt mar*

Fhinné sa bhliain 2006 freisin. Cé gur éacht ann féin na foilseacháin sin a bheith ann, aithnimid gurb é an dúshlán atá ann i ndáiríre a chinntiú go bhfaigheann na daoine is mó a dteastaíonn siad uathu na foilseacháin sin ag na tráthanna cuí. Táimid ag obair go dlúth leis an nGarda Síochána, leis an tSeirbhís Chúirteanna agus le grúpaí eile a thugann eolas don phobal chun iarracht a dhéanamh a chinntiu go bhfuil an t-eolas seo ar fáil do na daoine sin a dteastaíonn sé uathu.

THUAS AR CHLÉ – Ellen O'Malley Dunlop, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, An tIonad Éigeandála um Éigniú

THÍOS AR CHLÉ – ó Chlé: Maeve Ryan, Líne Chabhrach d'Íospartaigh Choireachta; Caroline Ryan, An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh; Lisa Kennedy, Gníomhaireacht na hÉireann um Chúnamh Turasóireachta

THUAS AR DHEIS – Barry Donoghue, An Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Rory Benville, Aturnae Stáit, Cill Mhantáin Thoir – ar comhaltaí den Choiste um Chumarsáid le hÍospartaigh iad beirt

THÍOS AR DHEIS – Tom Murphy, Ard-Cheannfort an Gharda Síochána agus Olive O'Neill, Tacaíocht d'Íospartaigh

Tionscadal Taighde maidir le Tionchair Chóras Cheartas Coiriúil na hÉireann ar íospartaigh

7.5 Ag leanúint as an gcomhdháil a reáchtáil Oifig an DPP i gcomhar le Aonad Naomh Clár, Ospidéal na Leanaí, Sráid Teampaill, Baile Atha Cliath agus Aonad Naomh Louise, Ospidéal na Leanaí, Croimghlinn i mBaile Átha Cliath sa bhliain 2004, cuireadh obair mhór taighde i gcrích sa bhliain 2006 ina rabhthas ag déileáil le taithí íospartach ar leanaí iad agus a dteaghlaigh laistigh den chóras ceartais choiriúil. Bhí an taighde, a ndeachaigh dhá mhac léinn dochtúireachta ina bhun faoi mhaoirseacht Scoil na Síceolaíochta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, mar an chéad taighde dá shórt ó thaobh iarracht a dhéanamh tuairimí tuismitheoirí agus leanaí a fhiosrú go cáilíochtúil agus chun dearcadh daoine gairmiúla éagsúla a bhíonn ag obair laistigh den chóras ceartais choiriúil a mheas.

7.6 Chuidigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leis sin trí chásanna a raibh baint acu le híospartaigh mhí-úsáid ghnéasach ar leanaí iad a aithint agus comhordú leis an nGarda Síochána le go bhféadfaí, ar bhonn rúnda, a fháil amach cé chomh sásta is a bheadh an leanbh agus a dteaghlach a bheith rannpháirteach sa taighde sin. Bhain go leor fiúntais leis an taighde sin, a bhfuil sé beartaithe é a fhoilsiú in irisí dlí agus in irisí chúram sláinte, ó thaobh tuairimí agus taithí leanaí atá ag croílár cásanna den sórt sin a léiriú. Is cuid de staidéar leanúnach atá ar siúl ar fud na tíre é an taighde sin. Beidh sampla níos mó de thuismitheoirí agus de leanaí sa staidéar.

Ráitis Tionchair Íospartaigh

7.7 Rinneadh ráiteas tábhachtach maidir leis an dlí i ndáil le ráitis tionchair íospartaigh sa Chúirt Achomhairc Choiriúil i mbliana agus eisíodh treoirlínte i ndáil lena n-úsáid i gcásanna coiriúla. I gcás an *Director of Public Prosecutions v. Wayne O'Donoghue* (18/10/06), tugadh na nithe seo a leanas ar aird:

- Cé go bhforáiltear san Oireachtas go bhféadfaidh íospartach choireanna éagsúla atá ina bheatha nó ina beatha ráiteas tionchair íospartaigh a thabhairt, níl foráil reachtach den sórt sin ann do theaghlaigh nó do chairde íospartaigh i ndúnbhású neamhdhleathach. Tá cleachtas forbartha

THUAS AR CHLÉ – Ó Chlé: An Dr. Derek Deasy, Síceolaí Cliniciúil Sinsearach, Aonad Naomh Clár, an tOspidéal Ollscoile Leanaí, Sráid an Teampaill; James Hamilton, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí; Claire Loftus, An Príomh-Aturnae Ionchúisimh; An Dr. Graham Connon, An Roinn Síceolaíochta Cliniciúil, UCD
THUAS AR DHEIS – Ó Chlé: Gemma Moran, An Rannán Aturnaetha, Oifig an DPP; Mark Kelly, Stiúrthóir, An Chomhairle um Chearta Daonna; Joan Deane, ADVIC
THÍOS AR CHLÉ – James Hamilton, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in éineacht le Jim McHugh, Cathaoirleach an Choimisiúin um Thacú le hÍospartaigh Choireachta

ina bhfuil de rogha ag an mbreitheamh a chuireann pianbhreith ráiteas tionchair íospartaigh a cheadú in imthosca den sórt sin.

- Níor chóir ráiteas den sórt sin a cheadú ach ar choinníollacha diana: ba chóir é a chur faoi bhráid an bhreithimh a bheidh ag cur na pianbhreithe agus ionadaithe dlíthiúla an chúisí sula léifear nó sula ndéanfar an ráiteas féin. Ba chóir don bhreitheamh a bhíonn ag cur pianbhreithe foláireamh a thabhairt don duine a bhfuil sé beartaithe aige nó aici an ráiteas a dhéanamh go bhféadfadh sé go ndlífear é ní í maidir le díspeagadh cúirte má imíonn sé nó sí ó ábhar an ráitis, mar a cuireadh faoina bráid é, ar aon shlí ábhartha. I gcás go dtarlaíonn imeacht den sórt sin agus go mbíonn baint aige le líomhaintí gan bhunús nó graosta in aghaidh cúisí, féadfaidh an breitheamh a bheidh ag cur pianbhreithe é a bhreithniú mar ábhar le cur san áireamh i maolú na pianbhreithe atá le cur. Ní mór gach iarracht a dhéanamh freisin a chinntiú nach n-úsáidfear an ráiteas chun ról ceart an ionchúisitheora i dtriail a lagú, ná chun iarracht a dhéanamh líomhaintí gan bhunús nó neamhchruthaithe in aghaidh duine ciontaithe atá ag fanacht ar phianbhreith a chur os comhair an phobail.

8 SAORÁIL FAISNÉISE

8.1 Foráiltear in Alt 46(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI), 1997 do cheart rochtana i ndáil le taifid a bhaineann le riaradh ginearálta na hOifige agus leo sin amháin. Ciallaíonn sé sin i ndáiríre nach féidir rochtain a fháil ar thaifid a bhaineann le comhaid ionchúisimh choiriúil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

8.2 Leantar ar aghaidh san Oifig ag cur eolas Saorála Faisnéise ar fáil chomh héasca agus is féidir. Tá ár Leabhar Tagartha d'Ailt 5 agus 6 ar fáil go forleathan i leabharlanna poiblí ar fud an tíre mar aon lenár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie. Leagtar amach gnó na hOifige san fhoilseachán sin, lena n-áirítear na cineálacha taifead a choinnítear.

8.3 Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Saorála Faisnéise ar an teileafón nó trí ríomhphost chuig foi@dppireland.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist sin a úsáid d'fhiosruithe ginearalta maidir le Saoráil Faisnéise ach ní féidir é a úsáid chun iarratas a chur isteach a n-éilítear táille iarratais ina leith.

8.4 Cuireadh líon iomlán de naoi n-iarratas faoi bhráid na hOifige i rith na bliana 2006. Diúltaíodh seacht gcinn de na hiarratais faoin Acht agus tarraingíodh iarratas amháin siar. Deonaíodh iarratas amháin eile i bpáirt. Ba é an chúis a bhí leis na diúltuithe ná nach raibh baint ag na taifid a rabhthas á lorg le riaradh ginearálta na hOifige.

8.5 Ba iriseoir a chuir ceann de na hiarratais isteach agus ba dhaoine den phobal a rinne na hocht n-iarratas eile agus bhí baint ag seacht gcinn de na hiarratais sin le comhaid choiriúla.

8.6 Níor lorg ach duine amháin as na daoine a rinneadh iarratas sna seacht gcás a diúltaíodh athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh bunaidh. Sa chás sin, seasadh leis an gcinneadh bunaidh. D'achomharc an t-iarrthóir an cinneadh chuig an gCoimisinéir Faisnéise, a sheas leis an gcinneadh bunaidh freisin.

Iarrataí a Fuarthas 2006	
Diúltaithe faoi alt 46 (1) (b)	7
Tarraingthe siar/déileáilte leo lasmuigh den tSaoráil Faisnéise	1
Deonaíodh Iarraidh	1
IOMLÁN NA N-IARRATAÍ	**9**

Iarratóirí 2006	
Iriseoir	1
An Pobal i gCoitinne	8

Athbhreithnithe	
Iarrataí ar Athbhreithniú Inmheánach	1
Iarrataí chuig an gCoimisnéir Faisnéise ar Athbhreithniú	1

9 STAITISTICÍ

Nóta Míniúcháin i nDáil le Staitisticí

9.1 Tá na staitisticí a léirítear sa tuarascáil seo tiomsaithe ó shonraí a tógadh ónár gcórais Teicneolaochta Eolais a úsáidtear go príomha mar chóras rianaithe cás agus níl sé mar chuspóir príomha leo staitisticí a chruthú. Tá na córais faoi réir ag forbairt leanúnach chun cur le hardchaighdeán na sonraí a chuirtear ar fáil.

9.2 Tá an chaibidil deighhilte ina thrí alt ar leithligh:

- Baineann Cairteacha 1 go dtí 6 le comhaid a fuarthas san Oifig agus bíonn mionsonraí iontu ar na cineálacha treoracha a rinneadh;
- Tugann Cairteacha 7 go dtí 11 mionsonraí de thorthaí na gcásanna a rinne an Stiúrthóir a ionchúiseamh ar díotáil i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2003 agus 2005;
- Tugann Cairteacha 12 go dtí 14 staitisticí ar chaiteachas na hOifige.

9.3 Tagraíonn na teorainneacha bliantúla go léir sna táblaí staitisticí don bhliain a bhfuarthas an comhad san Oifig. Is í an chúis le dul siar chomh fada i gCairteacha 7 go dtí 11 ná chun an difríocht ama idir treoir a dhéanamh agus taifeadadh ar fhíorasc na trialach a chur san áireamh. Dá mba rud é go mbeadh staitisticí i ndáil le torthaí chásanna 2006 le cur ar fáil bheadh cion mór de na cásanna fós rangaithe mar 'le héisteacht'.

9.4 Sa tuarascáil seo d'fhéachamar i bhformhór na gcásanna leaganacha cothrom le dáta a thabhairt de na sonraí atá leagtha amach i dTuarascálacha Bhliantúla roimhe chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ó foilsíodh na sonraí sin roimhe seo. De bharr athrú leanúnach ar stádas cásanna, mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh cás a bhí ar feitheamh ag tráth na tuarascála deireanaí curtha i gcrích anois, beidh an fhaisnéis a thugtar sa tuarascáil seo difriúil ón fhaisnéis don chohórt céanna cásanna i dtuarascálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sonraí ó dhá bhliain dhifriúla go hiomlán inchomparáideach mar gheall de réir mar a bhíonn am á chaitheamh go dtugtar níos mó cásanna chun críche agus mar sin go gcaitheann go mbíonn faisnéis ó bhlianta níos túisce níos iomláine ná ó bhlianta níos deireanaí. Mura bhfuil a mhalairt luaite, tugadh sonraí atá sna staitisticí seo cothrom le dáta amhail Meitheamh 2007.

9.5 Ní mór cúram a ghlacadh i gcás go mbíonn na staitisticí seo á mbreithniú i bhfianaise staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile ar nós an tSeirbhís Chúirteanna nó An Garda Síochána. Tá na staitisticí atá foilsithe anseo bunaithe ar ár gcórais rangaithe agus catagóirithe féin agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad, i gcásanna áirithe, ag teacht le córais rangaithe eagraíochtaí eile.

SOILÉIRIÚ (Lúnasa 2007)

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil mionathrú déanta ar chairteacha 8 agus 8b den Tuarascáil Bhliantúil 2006 ó foilsíodh an Tuarascáil i Meitheamh 2007. Is í is cúis leis seo miondífríocht maidir le catagóiriú cionta sna cairteacha mar gheall ar roinnt athruithe i gcás rogha réimse ar ár ríomhchórais i 2005 a chur i gceart.

Ce nach bhfuil athrú ar líon foriomlán na gcásanna agus a dtorthaí ar leithligh, cuireadh ceithre shainchatagóir chiona (timpistí marfacha ag an obair; pornagrafaíocht leanaí; gnéas le cailín faoi aois; agus cionta ioncaim) san áireamh ar dtús i gcatagóir 'cionta gnéis eile' nó 'cionta eile'. Tá sé sin curtha ina cheart anois agus tá líon na n-ionchúiseamh sna ceithre chatagóir seo san áireamh faoin sainchatagóir dá dtagraíonn siad.